



iasc



abhainn



tine



ordóg

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

Cad é mar a mhothaigh Finnéagas nuair a fuair sé amach gur bhlais Fionn an Bradán Feasa, do bharúil?

### Tasc 2:

Dhóigh Fionn a ordóg ar an Bhradán Feasa. Ainmnigh 5 bhall eile den chorp.

CCEA
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

23 Fionn Mac Cumhaill agus an Bradán Feasa

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam
Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Fionn Mac Cumhaill agus an Bradán Feasa

# Fionn Mac Cumhaill agus an Bradán Feasa

Fadó in Éirinn bhí fear ann darbh ainm Finnéagas. Nuair a bhí Fionn Mac Cumhaill óg bhí sé iontach cairdiúil le Finnéagas. Bhí Finnéagas iontach cliste ach bhí sé ag iarraidh gach rud ar an domhan bheith ar eolas aige. Bhí **iasc** draíochta san **abhainn** agus bhí gach rud ar eolas ag an iasc seo. An Bradán Feasa an t-ainm a bhí air. Ba mhaith le Finnéagas an Bradán Feasa a fháil agus é a ithe.

Lá amháin bhí Finnéagas ag iascaireacht agus rug sé ar an Bhradán Feasa. Bhí sé iontach sásta leis féin. Las sé **tine** leis an iasc a chócaráil. Bhí sé ag dúil go mór leis an Bhradán Feasa a ithe. Chuaigh sé amach le huisce a fháil agus d'fhág sé Fionn leis an Bhradán Feasa. Ní raibh cead aige é a ithe!

Chuir Fionn a **ordóg** ar an bhradán lena fháil amach an raibh sé réidh. Bhí an bradán millteanach te agus dhóigh sé a ordóg. Chuir sé a ordóg isteach ina bhéal go gasta. Ba é Fionn an chéad duine a bhlais an Bradán Feasa agus is ag Fionn a bhí an t-eolas ar fad!



# Ceisteanna

**1. Cá huair a tharla an scéal seo?**
(a) Tamall fada ó shin
(b) Anuraidh
(c) Cúpla bliain ó shin

**2. Cén fáth a raibh Finnéagas ag iarraidh an Bradán Feasa a ithe?**
(a) Bhí sé blasta
(b) Bhí sé iontach mór
(c) Bhí sé draíochtach

**3. Cad é mar a mhothaigh Finnéagas nuair a rug sé ar an Bhradán Feasa?**
(a) Bhí sé míshásta
(b) Bhí áthas air
(c) Bhí brón air

**4. Cén fáth ar fhág Finnéagas Fionn leis féin?**
(a) Bhí sé ag dul amach ag iascaireacht arís
(b) Chuaigh sé amach le huisce a fháil
(c) Bhí sé ag dul amach le salann a fháil

**5. Cé acu atá fíor?**
(a) Bhlais Fionn an Bradán Feasa de thimpiste
(b) Bhlais Fionn an Bradán Feasa d'aon turas
(c) Níor bhlais Fionn an Bradán Feasa ar chor ar bith

**6. Cén fáth ar chuir Fionn a ordóg ina bhéal, do bharúil?**
(a) Ba mhaith leis an Bradán Feasa a bhlaiseadh
(b) Bhí a ordóg nimhneach
(c) Bhí a ordóg fuar